Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Aibreán 2025**
**(OR. en)**

**8260/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0095(NLE)**

**JAI 495**
**COPEN 98**
**EPPO 4**
**GAF 8**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 24 Aibreán 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 174 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>lena leasaítear Cinneadh (AE) 2023/133 lena gceaptar comhaltaí an phainéil roghnúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2017/1939 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 174 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 174 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 23.4.2025
COM(2025) 174 final

2025/0095 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Cinneadh (AE) 2023/133 lena gceaptar comhaltaí an phainéil roghnúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2017/1939

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

An 12 Deireadh Fómhair 2017, glacadh Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE') agus tháinig sé i bhfeidhm an 20 Samhain 2017[1]. Ghlac OIPE air féin na cúraimí imscrúdúcháin agus ionchúisimh a tugadh dó leis an Rialachán sin an 1 Meitheamh 2021. Cionta coiriúla a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais, dá bhforáiltear i dTreoir (AE) 2017/1371[2], mar a cuireadh chun feidhme sa dlí náisiúnta, agus arna gcinneadh faoi Rialachán (AE) 2017/1939, tá OIPE freagrach as déantóirí na gcionta coiriúla sin agus as a gcomhchoirithe a imscrúdú, a ionchúiseamh agus a thabhairt chun breithiúnais.

I gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán (AE) 2017/1939, tá OIPE eagraithe ar leibhéal lárnach agus ar leibhéal díláraithe. An Príomh-Ionchúisitheoir Eorpach agus na hIonchúisitheoirí Eorpacha – duine in aghaidh an Bhallstáit atá rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe maidir le OIPE a bhunú – is cuid de leibhéal lárnach OIPE iad agus is iad Coláiste OIPE iad. I mí Dheireadh Fómhair 2019 cheap Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle de chomhthoil an chéad Phríomh-Ionchúisitheoir Eorpach[3]. I mí Iúil 2020 cheap an Chomhairle na chéad 22 Ionchúisitheoir Eorpacha in OIPE[4].

Maireann tréimhse oifige an Phríomh-Ionchúisitheora Eorpaigh 7 mbliana agus ní féidir í a athnuachan (Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) 2017/1939). Maireann tréimhse oifige na nIonchúisitheoirí Eorpacha 6 bliana agus féadfaidh an Chomhairle cinneadh a dhéanamh síneadh 3 bliana ar a mhéad a chur léi (Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) 2017/1939). Foráiltear le hAirteagal 16(4) de Rialachán (AE) 2017/1939 gur cheart ionchúisitheoirí nua a chur in ionad trian amháin de na hIonchúisitheoirí Eorpacha gach 3 bliana. Rachaidh tréimhse oifige an Phríomh-Ionchúisitheora Eorpaigh reatha agus tréimhse oifige seachtar Ionchúisitheoirí Eorpacha in éag i mí Dheireadh Fómhair agus i mí Iúil 2026 faoi seach, agus tá tús curtha anois leis na nósanna imeachta roghnúcháin chun iad a ionadú.

Le hAirteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2017/1939, foráiltear gur cheart roghnú an Phríomh-Ionchúisitheora Eorpaigh a bheith bunaithe ar ghlao oscailte ar iarrthóirí, glao atá le foilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, agus ina dhiaidh sin gur cheart do phainéal roghnúcháin gearrliosta a thiomsú d'iarrthóirí cáilithe atá le cur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Le hAirteagal 16(2) de Rialachán (AE) 2017/1939 foráiltear gur cheart don Chomhairle duine de na hiarrthóirí arna n-ainmniú ag na Ballstáit le haghaidh phost na nIonchúisitheoirí Eorpacha a roghnú agus a cheapadh tar éis di an tuairim réasúnaithe a fháil ón bpainéal roghnúcháin dá dtagraítear in Airteagal 14(3) den Rialachán céanna.

---

[1] Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE') (IO L 283, 31.10.2017, lgh. 1-71).

[2] Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil, IO L 198, 28.7.2017, lch. 29–41

[3] Cinneadh (AE) 2019/1798 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 lena gceaptar Príomh-Ionchúisitheoir Eorpach Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, IO L 274, 28.10.2019, lgh. 1–2.

[4] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1117 ón gComhairle an 27 Iúil 2020 lena gceaptar Ionchúisitheoirí Eorpacha Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, OJ L 244, 29.7.2020, lch. 18–20

I gcomhréir leis an bhforáil dheireanach sin, ba cheart dháréag a bheith ar an bpainéal roghnúcháin, daoine a cheapfaidh an Comhairle ar bhonn togra ón gCoimisiún, agus a roghnófar as measc iarchomhaltaí na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Iniúchóirí, iarchomhaltaí náisiúnta Eurojust, comhaltaí na gcúirteanna uachtaracha náisiúnta, ionchúisitheoirí ardleibhéil agus dlíodóirí a bhfuil inniúlacht aitheanta acu. Duine de na daoine a roghnófar, ba cheart é a bheith molta ag Parlaimint na hEorpa.

I mí Dheireadh Fómhair 2018[5] cheap an Chomhairle dháréag comhaltaí an chéad phainéil roghnúcháin, ar bhonn togra ón gCoimisiún, agus i mí Eanáir 2023 ceapadh dháréag comhaltaí an phainéil roghnúcháin reatha ar feadh tréimhse 4 bliana ón 20 Eanáir 2023[6]. Rinneadh comhalta amháin den phainéal roghnúcháin a ionadú i mí an Mheithimh 2024[7]. Bhí Tuire TAMMINIEMI, Ionchúisitheoir Stáit in Oifig Phríomh-Ionchúisitheoir na Fionlainne, ar dhuine de chomhaltaí an phainéil roghnúcháin a ceapadh i mí Eanáir 2023. An 7 Márta 2025, d’éirigh Tuire TAMMINIEMI as bheith ar an bpainéal roghnúcháin. Cuireadh an Chomhairle ar an eolas dá réir sin.

Chun leanúnachas an phainéil roghnúcháin a áirithiú, ba cheart duine eile a chur in ionad Tuire Tamminiemi. I gcomhréir le rialacha oibríochtúla an phainéil roghnúcháin[8], ba cheart an duine a chuirfear in ionad Tuire Tamminiemi a cheapadh ar feadh a mbeidh fágtha dá téarma oifige (i.e. go dtí an 20 Eanáir 2027). Dá bhrí sin, leis an togra seo, molann an Coimisiún go gceapfaidh an Chomhairle Johanna Hervonen, , mar chomhalta den phainéal roghnúcháin in ionad an Uasail Mrčela, Príomh-Ionchúisitheoir cheantar ionchúisimh Dheisceart na Fionlainne, mar chomhalta den phainéal roghnúcháin in ionad Tuire Tamminiemi. Comhlíonann Johanna Hervonen na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2017/1939. Agus a ceapachán á mholadh, chuir an Coimisiún san áireamh an gá atá le cothromaíocht a áirithiú maidir le dáileadh geografach, inscne agus eolas ar chórais dlí na mBallstát atá rannpháirteach in OIPE.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Is trí bhíthin Rialachán (AE) 2017/1939 a bunaíodh OIPE, rialachán a glacadh ar bhonn Airteagal 86 de CFAE. Tá OIPE ag feidhmiú na bhfeidhmeanna a shanntar dó le Rialachán (AE) 2017/1939 ón 1 Meitheamh 2021 i leith. Tríd an togra seo a chur isteach le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena gcuirtear duine eile in ionad duine de chomhaltaí reatha an phainéil roghnúcháin, tá an Coimisiún ag comhlíonadh a oibleagáide faoi Airteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2017/1939. Leis an togra seo ceadaítear comhalta amháin den phainéal roghnúcháin reatha a ionadú, comhalta a bhfuil a thréimhse oifige le dul in éag an 20 Eanáir 2027. Tá feidhmiú iomlán an phainéil roghnúcháin tábhachtach chun gur féidir na nósanna imeachta a thabhairt chun críche chun an Príomh-Ionchúisitheoir Eorpach nua agus seachtar Ionchúisitheoirí Eorpacha nua a roghnú agus a cheapadh in 2026.

---

5 Cinneadh (AE) 2018/1275 ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2018 lena gceaptar comhaltaí an phainéil roghnúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2017/1939, IO L 238, 21.9.2018, lgh. 92–93.

6 Cinneadh (AE) 2023/133 ón gComhairle an 17 Eanáir 2023 lena gceaptar comhaltaí an phainéil roghnúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2017/1939, IO L 17, 19.1.2023, lgh. 90–91.

7 Cinneadh (AE) 2024/1777 ón gComhairle an 20 Meitheamh 2024 lena leasaítear Cinneadh (AE) 2023/133 a mhéid a bhaineann le comhalta an phainéil roghnúcháin a ionadú, IO L, 2024/1777, 24.6.2024.

8 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1696 ón gComhairle an 13 Iúil 2018 maidir le rialacha oibriúcháin an phainéil roghnúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2017/1939 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (‘OIPE’), IO L 282, 12.11.2018, lgh. 8–12.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an togra seo comhsheasmhach le beartais eile de chuid an Aontais, arb é is aidhm dóibh cosaint leasanna airgeadais an Aontais a neartú.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá an togra seo bunaithe ar Airteagal 14(3)(c) de Rialachán (AE) 2017/1939.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

I dtaca le ceapadh chomhaltaí an phainéil roghnúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2017/1939, is í an Chomhairle amháin atá in ann cinneadh a dhéanamh faoin gceapachán sin, ar bhonn togra ón gCoimisiún agus dá bhrí sin, is inniúlacht eisiach í nach bhfuil faoi réir phrionsabal na coimhdeachta.

- **Comhréireacht**

Tá an togra seo teoranta don mhéid is gá chun na cuspóirí atá beartaithe a bhaint amach, agus tá sé i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta dá bhrí sin. Tá an togra seo ríthábhachtach chun a áirithiú gur féidir an Príomh-Ionchúisitheoir Eorpach agus na Príomh-Ionchúisitheoirí Eorpacha a ionadú nuair a thiocfaidh deireadh lena dtréimhse oifige, rud a áiritheoidh leanúnachas i ngníomhaíochtaí oibríochtúla OIPE.

- **An rogha ionstraime**

Foráiltear le hAirteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2017/1939 go nglacfaidh an Chomhairle cinneadh lena gceapfar comhaltaí an phainéil roghnúcháin ar bhonn togra ón gCoimisiún. Foráiltear a thuilleadh le Riail II de rialacha oibríochtúla an phainéil roghnúcháin gur cheart duine atá le teacht in ionad comhalta den phainéil roghnúcháin a cheapadh ar feadh a mbeidh fágtha de théarma a réamhtheachtaí agus an nós imeachta céanna á leanúint. Dá bhrí sin, is í an reachtaíocht atá ann cheana ar an ábhar seo a fhorchuirfidh rogha na hionstraime atá beartaithe.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ós rud é gur togra teicniúil é an togra seo agus nach bhfuil roghnachas ag an gCoimisiún, rud ar comhlíonadh é ar an oibleagáid a leagtar amach in Airteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2017/1939, ní dhearnadh meastóireachtaí/seiceálacha oiriúnachta *ex post*, comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara ná measúnuithe tionchair.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Neamhbhainteach

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Neamhbhainteach

- **Measúnú tionchair**

Neamhbhainteach

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Neamhbhainteach

- **Cearta bunúsacha**

Neamhbhainteach

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleacht bhuiséadach ag an togra seo.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

I bhfianaise chineál an bhirt seo, níl aon ghá le pleananna cur chun feidhme agus faireachán ná le socruithe meastóireachta agus tuairiscithe.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Le hAirteagal 1, foráiltear go dtiocfaidh Johanna Hervonen in ionad Tuire Tamminiemi mar chomhalta den phainéal roghnúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2017/1939.

Le hAirteagal 2, déantar foráil maidir le teacht i bhfeidhm an Chinnidh seo.

2025/0095 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Cinneadh (AE) 2023/133 lena gceaptar comhaltaí an phainéil roghnúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2017/1939

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE') [1], agus go háirithe Airteagal 14(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is iad Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a cheapfaidh an Príomh-Ionchúisitheoir Eorpach de chomhthoil as measc na n-ainmneacha ar an ngearrliosta d'iarrthóirí cáilithe arna chur le chéile ag an bpainéal roghnúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2017/1939. Is í an Chomhairle a cheapfaidh na hIonchúisitheoirí Eorpacha as measc triúr iarrthóirí cáilithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát tar éis di tuairim réasúnaithe a fháil ón bpainéal roghnúcháin sin.

(2) Ceapadh comhaltaí reatha an phainéil roghnúcháin ar feadh tréimhse 4 bliana ón 20 Eanáir 2023, trí bhíthin Chinneadh (AE) 2023/133 ón gComhairle[2]. Rinneadh comhalta amháin den phainéal roghnúcháin a ionadú i mí an Mheithimh 2024[3].

(3) An 7 Márta 2025, d'éirigh duine de na comhaltaí a ceapadh i mí Eanáir 2023, Tuire TAMMINIEMI, as bheith ar an bpainéal roghnúcháin. Cuireadh an Chomhairle ar an eolas dá réir sin.

(4) Ba cheart comhalta nua den phainéal roghnúchán a cheapadh a luaithe is féidir chun teacht in ionad Tuire TAMMINIEMI, chun leanúnachas ghníomhaíochtaí an phainéil roghnúcháin a áirithiú. Dá bhrí sin, ba cheart Johanna HERVONEN, Príomh-Ionchúisitheoir cheantar ionchúisimh Dheisceart na Fionlainne, a cheapadh mar chomhalta nua den phainéal roghnúcháin. Agus an duine sin á mholadh, chuir an Coimisiún san áireamh an gá atá le cothromaíocht gheografach, cothromaíocht inscne

---

[1] Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE') (IO L 283, 31.10.2017, lgh. 1-71).

[2] Cinneadh (AE) 2023/133 ón gComhairle an 17 Eanáir 2023 lena gceaptar comhaltaí an phainéil roghnúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2017/1939, IO L 17, 19.1.2023, lgh. 90–91.

[3] Cinneadh (AE) 2024/1777 ón gComhairle an 20 Meitheamh 2024 lena leasaítear Cinneadh (AE) 2023/133 a mhéid a bhaineann le comhalta an phainéil roghnúcháin a ionadú, IO L, 2024/1777, 24.6.2024.

agus ionadaíocht chuí ar chórais dlí na mBallstát atá rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe maidir le OIPE a bhunú.

(5) I gcomhréir le Riail II de rialacha oibríochtúla an phainéil roghnúcháin a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1696 ón gComhairle[4], ba cheart Johanna HERVONEN a cheapadh ar feadh a mbeidh fágtha de théarma a réamhtheachtaí.

(6) Ba cheart Cinneadh (AE) 2023/133 a leasú dá réir sin.

(7) Chun a áirithiú gur féidir le Johanna HERVONEN dul i mbun a cuid feidhmeanna agus páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí leanúnacha an phainéil roghnúcháin go luath, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm ar an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

In Airteagal 1 de Chinneadh (AE) 2023/133, cuirtear an t-ainm 'Tuire Tamminiemi' in ionad an ainm 'Johanna HERVONEN'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
*[...]*

[4] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1696 ón gComhairle an 13 Iúil 2018 maidir le rialacha oibriúcháin an phainéil roghnúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2017/1939 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE'), IO L 282, 12.11.2018, lgh. 8–12.

**RÁITEAS AIRGEADAIS AGUS DIGITEACH REACHTACH**

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh (AE) 2023/133 lena gceaptar comhaltaí an phainéil roghnúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2017/1939

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

Ceartas

1.3. Cuspóirí

1.3.1. Cuspóirí ginearálta

Is é is aidhm don togra, ionadú comhalta amháin den phainéal roghnúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2017/1939 a áirithiú.

1.3.2. Cuspóirí sonracha

Is é is aidhm don togra seo a áirithiú go gcuirfear Johanna Hervonen in ionad Tuire Tamminiemi, comhalta den phainéal roghnúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2017/1939.

1.3.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

Tiocfaidh Johanna Hervonen in ionad Tuire Tamminiemi mar chomhalta den phainéal roghnúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2017/1939.

1.3.4. Táscairí feidhmíochta

*Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.*

Neamhbhainteach

1.4. Baineann an togra/tionscnamh le:

☑ **beart nua**

☐ **beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart**[1]

☐ **síneadh ar bheart atá ann cheana**

☐ **beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua**

1.5. Forais an togra/tionscnaimh

1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh

Neamhbhainteach

1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluach sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht

[1] Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2), pointe (a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin.

Cúiseanna le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (*ex ante*) […]

Is ar thogra ón gCoimisiún. amháin is féidir leis an gComhairle an leasú a dhéanamh ar Chinneadh (AE) 2023/133 ón gComhairle lena gceaptar comhaltaí an phainéil roghnúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2017/1939

An breisluach AE a bhfuil coinne leis (*ex post*)

Trí leasú a dhéanamh ar Chinneadh (AE) 2023/133 ón gComhairle lena gceaptar comhaltaí an phainéil roghnúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2017/1939, thabharfadh an Chomhairle cead an Príomh-Ionchúisitheoir Eorpach agus seachtar Ionchúisitheoirí Eorpacha a ionadú go tráthúil in 2026, rud a d'áiritheodh imscaradh agus leanúnachas iomlán ghníomhaíochtaí oibríochtúla OIPE.

1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart

Leanadh an nós imeachta céanna in 2024, nuair ba ghá comhalta eile den phainéal roghnúcháin a ionadú, agus glacadh Cinneadh (AE) 2024/1777 ón gComhairle an 20 Meitheamh 2024 lena leasaítear Cinneadh (AE) 2023/133 a mhéid a bhaineann le comhalta an phainéil roghnúcháin a ionadú.

1.5.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile

Níl aon impleacht bhuiséadach ag an togra seo.

1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh

Níl aon impleacht bhuiséadach ag an togra seo.

1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige

☐ **tréimhse theoranta**

- ☐ i bhfeidhm ón [DD.MM]YYYY go dtí an [DD.MM]YYYY
- ☐ tionchar airgeadais ó YYYY go YYYY maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus ó YYYY go YYYY maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

☐ **tréimhse neamhtheoranta**

Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh YYYY go YYYY,

agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme[2]

☐ Bainistíocht dhíreach a dhéanann an Coimisiún

[2] Tá mionsonraí maidir le modhanna trína gcuirfear an buiséad chun feidhme le fáil ar an suíomh gréasáin BUDGpedia, chomh maith le tagairtí don Rialachán Airgeadais: https://myintracomm.ec.europa.eu/corp/budget/financial-rules/budget-implementation/Pages/implementation-methods.aspx

- ☐ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;
- ☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☐ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

- ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;
- ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);
- ☐ an Banc Eorpach Infheistíochta agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;
- ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais;
- ☐ comhlachtaí dlí poiblí;
- ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais dóibh;
- ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí a chur chun feidhme agus dá soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;
- ☐ comhlachtaí nó daoine a bhfuil sé de chúram orthu bearta sonracha de chuid an chomhbheartais eachtraigh agus slándála a chur chun feidhme de bhun Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ar comhlachtaí nó daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha
- ☐ comhlachtaí arna mbunú i mBallstát, arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit nó ag dlí an Aontais agus atá incháilithe le go gcuirfear de chúram orthu, i gcomhréir le rialacha earnáilsonracha, cistí an Aontais nó ráthaíochtaí buiséadacha a chur chun feidhme, a mhéid a bhíonn na comhlachtaí sin á rialú ag comhlachtaí dlí poiblí nó ag comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu, agus a mhéid a sholáthraíonn na comhlachtaí rialúcháin ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha dóibh i bhfoirm dliteanas comhpháirteach agus leithleach nó ráthaíochtaí airgeadais coibhéiseacha, agus ar ráthaíochtaí iad a d'fhéadfadh, le haghaidh gach birt, a bheith teoranta d'uasmhéid thacaíocht an Aontais.

Nótaí

[...]

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Neamhbhainteach

### 2.2. Córais bhainistíochta agus rialaithe

2.2.1. An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe

Neamhbhainteach

2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú

2.2.3. Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár)

Neamhbhainteach

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar

Línte buiséid atá ann cheana

*<u>In ord</u> cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | An cineál caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir | Difreáilte/Neamhdhifreáilte[1] | ó thíortha de chuid CSTE[2] | ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha[3] | ó thríú tíortha eile | ioncam sannta eile |
| | [XX.YY.YY.YY] | Difreáilte/Neamhdhifreáilte | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL |
| | [XX.YY.YY.YY] | Difreáilte/Neamhdhifreáilte | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL |
| | [XX.YY.YY.YY] | Difreáilte/Neamhdhifreáilte | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL |

Línte buiséid nua atáthar a iarraidh

*<u>In ord</u> cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

1 LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.
2 CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.
3 Tíortha is iarrthóirí agus, i gcás inarb infheidhme, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | An cineál caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir | Difreáilte/Neamhdhifreáilte | ó thíortha de chuid CSTE | ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha | ó thríú tíortha eile | ioncam sannta eile |
| | [XX.YY.YY.YY] | Difreáilte/Neamhdhifreáilte | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL |
| | [XX.YY.YY.YY] | Difreáilte/Neamhdhifreáilte | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL |
| | [XX.YY.YY.YY] | Difreáilte/Neamhdhifreáilte | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL |

3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

☑ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí, mar a mhínítear thíos:

3.2.1.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | Uimhir | |
|---|---|---|

| Ard- Stiúrthóireacht: <.......> | | | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **IOMLÁN CAI 2021-2027** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | | | | | | | |
| Líne bhuiséid | Gealltanais | (1a) | | | | | **0.000** |
| | Íocaíochtaí | (2a) | | | | | **0.000** |
| Líne bhuiséid | Gealltanais | (1b) | | | | | **0,000** |
| | Íocaíochtaí | (2b) | | | | | **0,000** |
| Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach clár sonrach[4] | | | | | | | |
| Líne bhuiséid | | (3) | | | | | **0.000** |
| **IOMLÁN leithreasuithe i gcomhair AS <.......>** | Gealltanais | =1a+1b+3 | **0.000** | **0.000** | **0.000** | **0.000** | **0.000** |
| | Íocaíochtaí | =2a+2b+3 | **0.000** | **0.000** | **0.000** | **0.000** | **0.000** |
| AS: <.......> | | | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **IOMLÁN CAI 2021-2027** |

[4] Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | | | | | | | |
| Líne bhuiséid | Gealltanais | (1a) | | | | | **0.000** |
| | Íocaíochtaí | (2a) | | | | | **0.000** |
| Líne bhuiséid | Gealltanais | (1b) | | | | | **0,000** |
| | Íocaíochtaí | (2b) | | | | | **0,000** |
| Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach clár sonrach[5] | | | | | | | |
| Líne bhuiséid | | (3) | | | | | **0.000** |
| **IOMLÁN leithreasuithe i gcomhair AS <.......>** | Gealltanais | =1a+1b+3 | **0.000** | **0.000** | **0.000** | **0.000** | **0.000** |
| | Íocaíochtaí | =2a+2b+3 | **0.000** | **0.000** | **0.000** | **0.000** | **0.000** |
| | | | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **IOMLÁN CAI 2021-2027** |
| IOMLÁN na leithreasuithe faoi | Gealltanais | (4) | 0.000 | 0.000 | 0.000 | 0.000 | **0.000** |
| | Íocaíochtaí | (5) | 0.000 | 0.000 | 0.000 | 0.000 | **0.000** |

[5] Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| chomhair oibríochtaí | | | | | | | |
| IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach | | (6) | 0.000 | 0.000 | 0.000 | 0.000 | **0.000** |
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL <....>** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | =4+6 | **0.000** | **0.000** | **0.000** | **0.000** | **0.000** |
| | Íocaíochtaí | =5+6 | **0.000** | **0.000** | **0.000** | **0.000** | **0.000** |
| **Ceannteideal de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil** | | Uimhir | | | | | |
| Ard- Stiúrthóireacht: <.......> | | | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **IOMLÁN CAI 2021-2027** |
| Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | | | | | | | |
| Líne bhuiséid | Gealltanais | (1a) | | | | | **0.000** |
| | Íocaíochtaí | (2a) | | | | | **0.000** |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Líne bhuiséid | Gealltanais | (1b) | | | | | **0,000** |
| | Íocaíochtaí | (2b) | | | | | **0,000** |
| Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach clár sonrach[6] | | | | | | | |
| Líne bhuiséid | | (3) | | | | | **0.000** |
| **IOMLÁN leithreasuithe i gcomhair AS <.......>** | Gealltanais | =1a+1b +3 | **0,000** | **0.000** | **0.000** | **0.000** | **0.000** |
| | Íocaíochtaí | =2a+2b+3 | **0.000** | **0.000** | **0.000** | **0.000** | **0.000** |
| AS: <.......> | | | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **IOMLÁN CAI 2021-2027** |
| Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | | | | | | | |
| Líne bhuiséid | Gealltanais | (1a) | | | | | **0.000** |
| | Íocaíochtaí | (2a) | | | | | **0.000** |
| Líne bhuiséid | Gealltanais | (1b) | | | | | **0,000** |
| | Íocaíochtaí | (2b) | | | | | **0,000** |

6 Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

| Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach clár sonrach[7] | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Líne bhuiséid | | (3) | | | | | **0.000** |
| **IOMLÁN leithreasuithe i gcomhair AS <.......>** | Gealltanais | =1a+1b +3 | **0,000** | **0.000** | **0.000** | **0.000** | **0.000** |
| | Íocaíochtaí | =2a+2b+3 | **0.000** | **0.000** | **0.000** | **0.000** | **0.000** |
| | | | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **IOMLÁN CAI 2021-2027** |
